M 73T

**AN ROINN OIDEACHAIS AGUS EOLAÍOCHTA**
**SCRÚDÚ ARDTEISTIMÉIREACHTA, 2000**

# INNEALTÓIREACHT – ÁBHAIR AGUS TEICNEOLAÍOCHT

## (Ardleibhéal - 300 marc)

DÉARDAOIN, 22 MEITHEAMH – TRATHNÓNA, 2.00 – 5.00

Freagair **Ceist 1, Roinn A agus Roinn B,** agus **Ceithre** cheist ar bith eile.


**THALL ®**

**1.** **(100 marc)**

## ROINN A - 50 marc

**Freagair <u>deich gcinn</u> ar bith díobh seo a leanas <u>go hachomair:</u>**


**(a)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ceann **<u>amháin ar bith</u>** de na lipéid a thaispeántar.



**(b)** Déan idirdhealú idir piri-mhiotaleolaíocht agus hidri-mhiotaleolaíocht.

**(c)** Sainaithin agus mínigh fabht laitíse **<u>amháin</u>** atá coitianta i miotail.


**(d)** Déan cur síos ar na bunphrionsabail a mbaintear úsáid astu agus **<u>ceann amháin</u>** ar bith de na rudaí thall á mhonarú.



**(e)** Luaigh **<u>dhá mhodh</u>** chun laghdú ar chreimeadh miotal.

**(f)** Cad iad na tosca ba chóir a chur san áireamh nuair ábhair á siúntú agus greamacháin a bhíonn á n-úsáid.


**(g)** Sainaithin an tsiombail neomatach a thaispeántar.



**(h)** Ainmnigh **<u>trí mhodh ar bith</u>** chun fuíoll plaistigh a dhiúscairt.


**(i)** Cad is brí leis an téarma *strustuirse miotail?*

**(j)** Taispeántar dhá pháirt leictreonacha i bhfoirm sceitsí pictiúrtha agus i bhfoirm shiombalach. Ainmnigh páirt **<u>amháin</u>** agus luaigh an fheidhm atá leis.




**(k)** Mínigh ceann **<u>amháin</u>** de na téarmaí ríomhaireachta seo a leanas:
(i) Cuimhne randamrochtana (RAM); (ii) Láraonad próiseála (LAP/CPU);
(ii) Cuimhne léimh amháin (ROM).

**(l)** Breaclínigh feidhm atá leis an V-cheap a thaispeántar.




**(m)** Déan cur síos ar chúnamh don teicneolaíocht a rinne **<u>duine amhain</u>** díobh seo:
(i) Blaise Pastal; (ii) Dugald Clerk; (iii) Leo Baekeland.


## ROINN B - 50 marc

Freagair **gach ceann** díobh seo a leanas:


**(n)** Breaclínigh na buntáistí a bhaineann le seicheamhóirí neomatacha modúlacha a úsáid.

**(o)** Agus leas á bhaint agat as na léaráidí thíos, breaclínigh feidhmiú an bhloic loighiciúil "AND" **agus** an bhloic "OR".






**(p)** Ainmnigh trí phhríomhpháirt an seicheamhóra neomataigh a thaispeántar thíos.




**(q)** Déan cur síos ar fheidhmiú an chiorcaid shímplithe a thaispeántar.




**(r)** Agus leas á bhaint agat as an gciorcad céanna, sainaithin céimeanna ionchuir, rialaithe agus aschuir an chiorcaid.

**THALL ®**

**2.** **(50 marc)**

**(a)** **(i)** Luaigh **trí** chúis ar chóir ábhair a thástáil go meicniúil.

**(ii)** Breaclínigh na prionsabail a bhaineann le tástáil **amháin ar bith** a dhéantar le **ceann amháin** de na meaisíní tástála a thaispeántar thíos.



**(b)** Fuarthas na sonraí seo a leanas i dtástáil teanntachta ar shampla dar trastomhas 12 mm agus a bhfuil fad tomhsaire 50 mm aige.

| | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Ualach (kN) | 20 | 65 | 90 | 110 | 128 | 147 | 183 | 197 | 194 | 180 |
| Síneadh (mm) | 0.10 | 0.30 | 0.40 | 0.50 | 1.00 | 2.00 | 5.00 | 8.00 | 11.5 | 14.0 |

Breac an graf ualaigh/sínidh agus oibrigh amach:


**(i)** An neart teanntachta.

**(ii)** An promhstrus 0.1%.


**(c)** Mínigh cén fáth a bhfuil gá le tástálacha neamhscriosacha sa tionsclaíocht.
Déan cur síos achomair ar thástáil neamhscriosach **amháin** a ndearna tú staidéar uirthi.

**3.** **(50 marc)**

**(a)** Taispéantar thíos micreastruchtúir éagsúla cruach charbóin agus iad marcáilte A, B, C agus D. Ceangail **gach** micreastruchtúr leis an ionad uimhrithe is oiriúnaí ar an léaráid chothromaíochta a thugtar agus ainmnigh na **ceithre** mhicreastructhtúr seo.




**(b)** Marcáiltear A, B, C agus D ar chriosanna teochta le haghaidh cóireálacha teasa éagsúla do chruach charbóin. Roghnaigh **dhá chrios ar bith** agus mínigh na cóireálacha teasa a chuirtear in iúl.




**(c)** Breaclínigh na prionsabail a bhaineann le cruachan ionduchtaithe **nó** le próiséas lasairchruachana.

**THALL ®**

**4.** **(50 marc)**

**(a)** Roghnaigh **<u>dhá théarma ar bith</u>** díobh seo a leanas agus tabhair sainmhíniú do gach ceann a roghnaítear.

**(i)** Cóimhiotail Eoitéicteacha;

**(ii)** Tuaslagán Soladach;

**(iii)** Páirt-tuaslagthacht.


**(b)** Aistrigh an léaráid chothromaíochta Luaidhe – Stáin thíos go dtí do fhreagarleabhar agus sainaithin agus mínigh gach ceann de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Leachtas;

**(ii)** Soladas;

**(iii)** Solbhas;

**(iv)** Pointe Eoitéicteach.




**(c)** Agus léaráidí mar thaca agat, déan cur síos ar **<u>thrí cinn ar bith</u>** de na téarmaí seo a leanas:

**(i)** Cur as gléas;

**(ii)** Folúntas;


**(iii)** Cóimhiotal ionadúil;

**(iv)** Tuaslagán soladach scáineach.

**5.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar trí chineál táthaithe friotaíochta sna léaráidí thíos. Roghnaigh **ceann amháin** díobh agus déan cur síos ar an bpróiseas agus úsáid á baint agat as na treoracha seo a leanas:

**(i)** Ainm agus oibríocht;
**(ii)** Feidhmiúcháin.




**(b)** Déan cur síos ar an bhfeidhm atá ag (i) claochladán, (ii) coigeartóir agus (iii) toilleoir sa stuatháthú.


**(b)** Déan cur síos, agus léaráid mar thaca agat, ar na príomhairíonna ag próiseas **amháin** díobh seo:
**(i)** Táthú leictreashlaige;
**(ii)** Stuatháthú tumtha.

**NÓ**

**(c)** Breaclínigh na buntáistí a bhaineann le húsáid róbat sa tionsclaíocht.

**6.** **(50 marc)**

**(a)** Taispeántar sna léaráidí thíos, dhá mhodh chun plaistigh a mhúnlú agus úsáid á baint as aer. Ainmnigh an dá mhodh agus déan comparáid eatarthu.





**(b)** Déan cur síos, agus léaráidí mar thaca agat, ar an bpróiseas ar a dtugtar *polaiméiriú suimiúcháin*.

**(c)** Mínigh **trí cinn** ar bith de na téarmaí seo a leanas:


**(i)** Comhpholaiméir;
**(ii)** Dímhorfach;
**(iii)** PVC;
**(iv)** GRP.


**THALL ®**

**7.** **(50 marc)**




**(a)** Déan idirdhealú idir na hoibríochtaí druileála a thaispeántar ag (i) agus ag (ii) agus breaclínigh feidhmiúchán i gcás **gach** oibríochta díobh.





**(b)** Freagair **dhá cheann ar bith** díobh seo a leanas:

(i) Déan comparáid idir na hoibríochtaí muilleála a thaispeántar thall;

(ii) Sainaithin agus mínigh go hachomair oibriú na meicníochta fotha a thaispeántar thall;


(iii) Déan comparáid idir tomhasaireacht agus tomhas díreach;

(iv) Ainmnigh **trí** shaghas slise gearrtha a mhúnlaítear le linn meaisínithe.

**(c)** Mínigh cén chaoi a ndéantar meaisíniú ar dhromchlaí agus úsáid á baint as (i) foirmiú agus (ii) giniúint.

**NÓ**

**(c)** Maidir leis an meaisín CNC a thaispeántar, freagair **trí cinn** díobh seo a leanas:



**(i)** Breaclínigh **cúig** réamhchúram sábháilteachta ar bith atá san áireamh i deil CNC;


**(ii)** Mínigh, agus léaráid mar thaca agat, an difríocht idir toisiú incriminteach agus dearbh-thoisiú;


**(iii)** Cad is brí le hionsamhladh sa mheaisíniú CNC?

**(iv)** Conas a chinntear ar ionad na huirlise gearrtha sa mheaisíniú CNC?

**8.** **(50 marc)**

**(a)** Sainaithin ceann **<u>amháin</u>** ar bith de na feistí thíos agus mínigh cén chaoi a bhfeidhmíonn sé.







**(b)** Freagair **<u>dhá</u>** cheann ar bith díobh seo a leanas:


(i) Breaclínigh feidhmiú *Cnoga Roinnte*.

(ii) Breaclínigh na buntáistí atá ag giaranna héiliciúla thar sporghiaranna.

(iii) Déan idirdhealú idir an **<u>dá</u>** shnáithchruth a thaispeántar agus breaclínigh feidhmiúchán amháin do gach ceann díobh.




**(c)** Breaclínigh na prionsabail oibrithe atá ag an sábh miotail chumhachta thall.



**<u>NÓ</u>**

**(c)** Mínigh oibriú an chiorcaid leictreonaigh a thaispeántar agus mol feidhmiúchán a d'fhéadfadh a bheith aige.

